

COMHAONTUITHE IDIRINSTITIÚIDEACHA

COMHAONTÚ IDIRINSTITIÚIDEACH

an 12 Márta 2014

idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le faisnéis rúnaicmithe atá i seilbh na Comhairle a bhaineann le nithe seachas na nithe i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus maidir le láimhseáil Pharlaimint na hEorpa ar an bhfaisnéis sin

(2014/C 95/01)

TÁ PARLAIMINT AN hEORPA AGUS AN CHOMHAIRLE,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le hAirteagal 14(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa i gcomhpháirt leis an gComhairle, feidhmeanna reachtacha agus buiséadacha a fheidhmiú agus go ndéanfaidh sí feidhmeanna um rialú polaitiúil agus feidhmeanna comhairliúcháin a fheidhmiú faoi mar atá leagtha síos sna Conarthaí.
- (2) Foráiltear le hAirteagal 13(2) CAE go ngníomhóidh gach insitiúid acu faoi teorainneacha na gcumhachtaí atá tugtha di sna Conarthaí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus faoi na coinníollacha agus chun na gcríoch atá leagtha amach iontu. Sonraítear san fhoráil sin freisin go gcleachtfaidh na hinstiúidí comhar dlíis eatarthu féin. Foráiltear le hAirteagal 295 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, inter alia, socrúithe de thoil a chéile don chomhar eatarthu agus chuige sin, féadfaidh siad, agus na conarthaí á gcomhlíonadh acu, comhaontuithe idirinstiúideacha a thabhairt i gcrích a fhéadfaidh a bheith de chineál ceangailteach.
- (3) Foráiltear leis na Conarthaí agus le forálacha ábhartha eile, de réir mar is iomchuí, i gcomhthéacs nós imeachta reachtach speisialta nó faoi nósanna imeachta cinnteoireachta eile go rachaidh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa nó go bhfaighidh sé toiliú uathu sula nglacfaidh an Chomhairle aon ghníomh dlíthiúil. Foráiltear leis na Conarthaí freisin, i gcásanna áirithe, go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir le dul chun cinn nó maidir le torthaí nós imeachta ar leith nó go nglacfaidh sí páirt i meastóireacht nó grinnscrúdú ar ghníomhaireachtaí áirithe Aontais.
- (4) Foráiltear le hAirteagal 218(6) CFAE go háirithe, ach amháin sa chás go mbainfidh comhaontú idirnáisiúnta go heisiach le comhbheartas eachtrach agus slándála, go nglacfaidh an Chomhairle an cinneadh lena dtabharfar an comhaontú i dtrácht i gcrích tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa nó tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, cumhdaítear dá bhrí sin na comhaontuithe náisiúnta uile sin nach mbaineann go heisiach leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála faoin gComhaontú Idirinstiúideach seo.
- (5) Foráiltear le hAirteagal 218(10) CFAE go gcuirfear Parlaimint na hEorpa go hiomlán ar an eolas láithreach ag gach céim den nós imeachta; tá an fhoráil sin infheidhme freisin maidir le comhaontuithe a bhaineann leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála.
- (6) I gcásanna ina gceanglófaí le cur chun feidhme na gConarthaí agus forálacha ábhartha eile, de réir mar is iomchuí, go mbeadh rochtain ag teastáil ó Pharlaimint na hEorpa ar fhaisnéis

rúnaicmithe atá i seilbh na Comhairle, ba cheart socruithe iomchuí lena rialófar an rochtain sin a chomhaontú idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

- (7) I gcás go gcinntídh an Chomhairle rochtain a cheadú do Pharlaimint na hEorpa ar fhaisnéis rúnaicmithe atá i seilbh na Comhairle agus a bhaineann le réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála, glacfaidh sí cinntí ad hoc chuige sin nó úsáidfidh sí Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Samhain 2002 idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle maidir le rochtain ag Parlaimint na hEorpa ar fhaisnéis íogair de chuid na Comhairle i réimse an chomhbheartais slándála agus cosanta¹ (dá ngairtear "Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Samhain 2002" anseo ina dhiaidh seo), de réir mar is iomchuí.
- (8) Sonraítear sa Dearbhú ón Ard-Ionadaí maidir leis an gcontasacht pholaitiúil², arna dhéanamh ar ghlacadh Cinneadh 2010/427/AE ón gComhairle an 26 Iúil 2010 lena mbunaítear eagrú agus feidhmiú na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí³, go ndéanfaidh an tArd-Ionadaí athbhreithniú agus i gcás inar gá é moladh maidir le forálacha atá ann cheana i ndáil le rochtain ag Feisirí Pharlaimint na hEorpa ar dhoiciméid rúnaicmithe agus ar fhaisnéis i réimse an chomhbheartais slándála agus cosanta (i.e. an Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Samhain 2002).
- (9) Tá sé tábhachtach go mbeadh ceangal ag Parlaimint na hEorpa leis na prionsabail, caighdeáin agus rialacha lena gcosnaítear faisnéis rúnaicmithe, ar prionsabail, caighdeáin agus rialacha iad is gá chun leasanna an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát a chosaint. Ina theannta sin, beidh Parlaimint na hEorpa in ann faisnéis a sholáthar don Chomhairle.
- (10) An 31 Márta 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/292/AE maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint⁴ (dá ngairtear "rialacha slándála na Comhairle" anseo ina dhiaidh seo").
- (11) An 6 Meitheamh 2011, ghlac Biúró Pharlaimint na hEorpa Cinneadh maidir leis na rialacha lena rialaítear an tslí ina ndéileálann Parlaimint na hEorpa le faisnéis rúnda⁵ (dá ngairtear "rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa" anseo ina dhiaidh seo).
- (12) Ba cheart go mbeadh rialacha slándála institiúidí, chomhlachtaí, oifigí nó ghníomhaireachtaí an Aontais le chéile ina gcreat ginearálta cuimsitheach agus comhleanúnach laistigh den Aontas chun faisnéis rúnaicmithe a chosaint, agus ba cheart go n-áiritheofaí leo coibhéis na mbunphrionsabal agus na n-íoschaighdeán. Ba cheart dá réir sin go mbeadh na bunphrionsabail agus na híoschaighdeán a leagtar amach i rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa agus i rialacha slándála na Comhairle coibhéiseach.
- (13) Ba cheart go mbeadh an leibhéal cosanta a thugtar d'fhaisnéis rúnaicmithe faoi rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a thugtar d'fhaisnéis rúnaicmithe faoi rialacha slándála na Comhairle.
- (14) Comhoibreoidh seirbhísí ábhartha Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaíocht na Comhairle go dlúth le chéile chun a áirithiú go gcuirfear leibhéal choibhéiseacha cosanta i bhfeidhm maidir le faisnéis rúnaicmithe sa dá institiúid.
- (15) Tá an Comhaontú seo gan dochar do rialacha láithreacha agus rialacha amach anseo maidir le rochtain ar dhoiciméid arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 15(3) CFAE; do do rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta arna nglacadh i gcomhréir hAirteagal 16(2) CFAE; rialacha

⁽¹⁾ IO C 298, 30.11.2002, lch. 1.

⁽²⁾ IO C 210, 3.8.2010, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 201, 3.8.2010, lch 30.

⁽⁴⁾ IO L 141, 27.5.2011, lch 17.

⁽⁵⁾ IO C 190, 30.6.2011, lch. 2.

maidir le ceart fiosrúcháin Pharlaimint na hEorpa arna nglacadh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 226 CFAE; agus d'fhorálacha ábhartha a bhaineann leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OEFC),

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Cuspóir agus raon feidhme

Leagtar amach sa Chomhaontú seo socrúithe lena rialaítear faisnéis rúnaicmithe atá i seilbh na Comhairle a bhaineann le nithe seachas na nithe i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus maidir le láimhseáil Pharlaimint na hEorpa ar an bhfaisnéis sin, atá ábhartha chun go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa a cumhachtaí agus a feidhmeanna a fheidhmiú. Baineann sé le gach nithe den sórt sin, eadhon:

- (a) tograí atá faoi réir ag nós imeachta speisialta reachtach nó faoi réir ag nós imeachta eile cinnteoireachta faoina rachfar i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa nó faoina gceanglaítear uirthi a toiliú a thabhairt;
- (b) comhaontuithe idirnáisiúnta a rachfar i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa ina leith nó lena gceanglaítear uirthi a toiliú a thabhairt de bhun Airteagal 218(6) CFAE;
- (c) dul i mbun caibidlíocht maidir le treoracha le haghaidh comhaontuithe idirnáisiúnta dá dtagraítear i bpointe (b),
- (d) gníomhaíochtaí, tuarascálacha meastóireachta nó doiciméid eile atá le cur in iúl do Pharlaimint na hEorpa; agus
- (e) doiciméid faoi ghníomhaíochtaí ghníomhaireachtaí an Aontais a mbeidh Parlaimint na hEorpa páirteach ina meastóireacht nó ina ngrinnscrúdú.

Airteagal 2

Sainmhíniú ar 'faisnéis rúnaicmithe'

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallóidh "faisnéis rúnaicmithe" aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

- (a) "faisnéis rúnaicmithe AE" (EUCI) de réir mar a shainmhínítear i rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa agus i rialacha slándála na Comhairle agus ar a bhfuil ceann de na marcálacha aicmithe slándála seo a leanas:
 - RESTREINT UE/EU RESTRICTED;
 - CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL;
 - SECRET UE/EU SECRET;
 - TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET;
- (b) faisnéis rúnaicmithe arna soláthar ag na Ballstáit don Chomhairle agus ar a bhfuil marcáil aicmithe slándála náisiúnta atá coibhéiseach le ceann de na marcálacha aicmithe slándála a úsáidtear i gcomhair EUCI atá liostaithe i bpointe (a);
- (c) faisnéis rúnaicmithe arna soláthar ag tríú Stáit nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta don Aontas Eorpach ar a bhfuil marcáil aicmithe slándála atá coibhéiseach le ceann de na marcálacha

aicmithe slándála a úsáidtear i gcomhair EUCI atá liostaithe i bpointe (a), de réir mar a fhoráiltear sna comhaontuithe ábhartha i ndáil le slándáil faisnéise nó sna socruithe riaracháin.

Airteagal 3

Faisnéis rúnaicmithe a chosaint

1. Cosnóidh Parlaimint na hEorpa, i gcomhréir leis na rialacha slándála agus leis an gComhaontú seo, aon fhaisnéis rúnaicmithe arna soláthar di ag an gComhairle.
2. Ós rud é go bhfuil coibhéis le cothabháil idir na bunphrionsabail agus na híoschaighdeáin chun faisnéis rúnaicmithe a chosaint arna leagan síos ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ina rialacha slándála faoi seach, áiritheoidh Parlaimint na hEorpa go dtabharfaidh na bearta slándála atá i bhfeidhm ar a láithreacha leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a thabharfar don fhaisnéis sin ar láithreacha na Comhairle. Comhoibreoidh seirbhísí ábhartha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go dlúth le chéile chun na críche sin.
3. Glacfaidh Parlaimint na hEorpa bearta iomchuí chun an méid seo a leanas a áirithiú maidir le faisnéis rúnaicmithe arna soláthar di ag an gComhairle:
 - (a) nach n-úsáidfear an fhaisnéis sin chun críocha seachas na cinn dár soláthraíodh rochtain;
 - (b) nach nochtfar an fhaisnéis do dhaoine seachas na daoine dár deonaíodh rochtain i gcomhréir le hAirteagal 4 agus le hAirteagal 5, ná nach ndéanfar poiblí í;
 - (c) nach dtabharfar an fhaisnéis d'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais, ná do Bhallstáit, trú Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta gan toiliú i scríbhinn a fháil ón gComhairle roimh ré.
4. Ní fhéadfaidh an Chomhairle rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe a thionscnóidh in institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile an Aontais, nó i mBallstáit, trú Stáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta a dheonú do Pharlaimint na hEorpa ach amháin le toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón tionscnóir.

Airteagal 4

Slándáil phearsanra

1. Deonófar rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa i gcomhréir le hAirteagal 5(4).
2. I gcás ina bhfuil an fhaisnéis lena mbaineann rúnaicmithe ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL, SECRET UE/EU SECRET nó TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET nó a choibhéis, ní fhéadfar rochtain a dheonú ach amháin d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa arna n-údarú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa:
 - (a) a mbeidh imréiteach slándála acu i gcomhréir le rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa; nó
 - (b) a mbeidh fógra faighte ina leith ó údarás inniúil náisiúnta go bhfuil siad cuí-údaraithe de bhua a bhfeidhmeanna i gcomhréir le dlíthe náisiúnta agus rialacháin.

D'ainneoin na chéad fhomhíre, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis lena mbaineann rúnaicmithe ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó a choibhéis, féadfar rochtain a dheonú freisin d'Fheisirí sin Pharlaimint na hEorpa a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 5(4) a mbeidh dearbhú sollúnta neamhnochta sínithe acu i gcomhréir le rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa. Déanfar ainmneacha Fheisirí Pharlaimint na hEorpa dá ndeonófar rochtain faoin bhfomhír seo a chur in iúl don Chomhairle.

3. Sula ndeonófar rochtain dóibh ar fhaisnéis rúnaicmithe, tabharfar faisnéis d'Fheisirí Parlaimint na hEorpa maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin a chosaint agus déanfaidh siad iad a admháil i gcomhréir le rialacha slándála Parlaimint na hEorpa, agus tabharfar faisnéis dóibh maidir le cosaint den sórt sin a áirithiú.
4. Ní dheonófar rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe ach amháin d'oifigigh Parlaimint na hEorpa agus d'fhostaithe eile na Parlaiminte atá ag obair do na grúpaí polaitiúla:
 - (a) a bheidh ainmnithe roimh ré ag an gcomhlacht parlaiminteach ábhartha nó ag an sealbhóir oifige ábhartha a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 5(4) mar dhaoine ar gá dóibh a bheith ar an eolas ina leith;
 - (b) a mbeidh an t-imréiteach slándála faighte acu ar an leibhéal iomchuí i gcomhréir le rialacha slándála Parlaimint na hEorpa i gcás ina bhfuil an fhaisnéis rúnaicmithe ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL, SECRET UE/EU SECRET nó TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET nó a choibhéis: agus
 - (c) a mbeidh faisnéis faighte acu agus a mbeidh treoracha i scríbhinn faighte acu maidir lena bhfreagrachtaí i ndáil le faisnéis den sórt sin a chosaint agus mar aon leis na modhanna conas cosaint den sórt sin a áirithiú, agus a mbeidh dearbhú sínithe acu ina n-admhóidh siad go bhfuil na treoracha sin faighte acu agus go gcomhlíonfaidh siad iad i gcomhréir le rialacha slándála Parlaimint na hEorpa.

Airteagal 5

Nós imeachta chun rochtain a fháil ar fhaisnéis rúnaicmithe

1. Soláthróidh an Chomhairle faisnéis rúnaicmithe mar a thagraítear in Airteagal 1 do Pharlaimint na hEorpa i gcás ina mbeidh oibleagáid dhlíthiúil uirthi é sin a dhéanamh de bhun na gConarthaí nó de bhun na ngníomhartha dlíthiúla arna nglacadh ar bhonn na gConarthaí. Féadfaidh na comhlachtaí parlaiminteacha nó na sealbhóirí oifige dá dtagraítear i mír 3 iarraidh i scríbhinn a thíolacadh le haghaidh faisnéis den sórt sin freisin.
2. I gcásanna eile, féadfaidh an Chomhairle faisnéis rúnaicmithe a sholáthar mar a thagraítear in Airteagal 1 do Pharlaimint na hEorpa ar a tionscnamh féin nó ar iarraidh i scríbhinn a fháil ó cheann amháin de na comhlachtaí parlaiminteacha nó sealbhóirí oifige dá dtagraítear i mír 3.
3. Féadfaidh na comhlachtaí parlaiminteacha nó na sealbhóirí oifige seo a leanas iarrataí i scríbhinn a thíolacadh don Chomhairle:
 - (a) an tUachtarán;
 - (b) Comhdháil na nUachtarán;
 - (c) an Biúró;
 - (d) cathaoirleach/cathaoirligh an choiste/na gcoistí lena mbaineann;
 - (e) an rapóirtéir/na rapóirtéirí lena mbaineann.

Iarrataí ó Fheisirí eile de Pharlaimint na hEorpa, déanfar iad trí cheann de na comhlachtaí parlaiminteacha nó de na sealbhóirí oifige dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Déanfaidh an Chomhairle na hiarrataí sin a fhreagairt gan mhoill.

4. I gcás ina bhfuil an Chomhairle faoi oibleagáid dhlíthiúil rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe a dheonú do Pharlaimint na hEorpa, nó gur chinn sí déanamh amhlaidh, déanfaidh sí, in éineacht leis an gcomhlacht nó an sealbhóir oifige ábhartha mar a liostaítear i mír 3, an méid seo a leanas a leagan amach i scríbhinn sula ndéanfar an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh:

- (a) go bhféadfar rochtain den sórt sin a dheonú do cheann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
 - (i) an tUachtarán;
 - (ii) Comhdháil na nUachtarán;
 - (iii) an Biúró;
 - (iv) cathaoirleach/cathaoirligh an choiste/na gcoistí lena mbaineann;
 - (v) an rapóirtéir/na rapóirtéirí lena mbaineann;
 - (vi) comhaltaí uile nó comhaltaí áirithe den choiste / de na coistí lena mbaineann; agus
- (b) aon socrúithe láimhseála ar leith chun an fhaisnéis sin a chosaint.

Airteagal 6

Faisnéis rúnda a chlárú, a stóráil, breathnú uirthi agus í a phlé i bParlaimint na hEorpa

1. Maidir le faisnéis rúnaicmithe a sholáthraíonn an Chomhairle do Pharlaimint na hEorpa, i gcás ina bhfuil sí rúnaicmithe ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL, SECRET UE/EU SECRET nó TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET nó a choibhéis:

- (a) déanfar í a chlárú chun críocha slándála ionas go mbeidh taifead ar shaolré na faisnéise agus chun a áirithiú gur féidir í a rianú ag gach tráth;
- (b) déanfar í a stóráil i limistéar daingean a chomhlíonann na híoschaighdeáin slándála fisicí a leagtar síos i rialacha slándála na Comhairle agus i rialacha slándála Parlaimint na hEorpa, ar rialacha coibhéiseacha a bheidh iontu sin; agus
- (c) is iad Feisirí ábhartha de Pharlaimint na hEorpa, oifigigh ábhartha de Pharlaimint na hEorpa agus fostaithe ábhartha eile den Parlaimint atá ag obair do na grúpaí polaitiúla agus dá dtagraítear in Airteagal 4(4) agus in Airteagal 5(4) a fhéadfaidh breathnú ar an bhfaisnéis agus é sin a dhéanamh i seomra léitheoireachta daingean laistigh d'áitreabh Parlaimint na hEorpa. Sa chás sin, beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) ní dhéanfar an fhaisnéis a chóipeáil ar aon slí, amhail fótachóipeáil nó grianghraf a ghlacadh;
 - (ii) ní ghlacfar aon nótaí; agus
 - (iii) ní fhéadfar aon fheistí cumarsáide leictreonaí a thabhairt isteach sa seomra.

2. Maidir le faisnéis rúnaicmithe a sholáthraíonn an Chomhairle do Pharlaimint na hEorpa, i gcás ina bhfuil sí rúnaicmithe ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED nó a choibhéis, déanfar í a láimhseáil agus a stóráil i gcomhréir le rialacha slándála Parlaimint na hEorpa a thabharfaidh leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe den sórt sin atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta atá ann sa Chomhairle.

D'ainneoin na chéad fomhíre, ar feadh tréimhse 12 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfar faisnéis atá aicmithe ar leibhéal RESTREINT UE/EU RESTRICTED nó a choibhéis a láimhseáil agus a stóráil i gcomhréir le mír 1. Beidh rochtain ar fhaisnéis rúnaicmithe den sórt sin á rialú le pointe (a) agus pointe (c) d'Airteagal 4(4) agus le hAirteagal 5(4).

3. Ní fhéadfar faisnéis rúnaicmithe a láimhseáil ach amháin ar chórais chumarsáide agus faisnéise atá creidiúnaithe nó formheasta go cuí i gcomhréir le caighdeán atá coibhéiseach leo sin a leagtar síos i rialacha slándála na Comhairle.

4. Faisnéis rúnaicmithe a sholáthraítear ó bhéal d'fhaighteoirí i bParlaimint na hEorpa, beidh sí faoi réir an leibhéil choibhéisigh cosanta a thugtar d'fhaisnéis rúnaicmithe i bhfoirm scríofa.

5. D'ainneoin phointe (c) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfar faisnéis atá aicmithe suas go dtí leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL nó a choibhéis arna sholáthar ag an gComhairle do Pharlaimint na hEorpa a phlé ag cruinnithe a thionóltar i seomra iata agus ní bheidh ag freastal ar an gcrúinniú ach Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus na hoifigigh sin de Pharlaimint na hEorpa agus fostaithe eile na Parlaiminte atá ag obair do na grúpaí polaitiúla a bhfuil rochtain deonaithe dóibh ar an bhfaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 4(4) agus le hAirteagal 5(4). Beidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas:

- déanfar na doiciméid a dháileadh ag tús an chruinnithe agus a bhailiú arís ag an deireadh;
- ní dhéanfar na doiciméid a chóipeáil ar aon slí, amhail fótachóipeáil nó grianghraf a ghlacadh;
- ní ghlacfar aon nótaí;
- ní fhéadfar aon fheistí cumarsáide leictreonaí a thabhairt isteach sa seomra; agus
- ní dhéanfar trácht ar bith i miontuairiscí an chruinnithe ar an bplé ar an mír ina bhfuil faisnéis rúnaicmithe.

6. I gcás ina mbíonn gá le cruinnithe chun plé a dhéanamh ar fhaisnéis atá aicmithe ar leibhéal SECRET UE/EU SECRET nó TRÈS SECRET UE/EU TOP SECRET nó a choibhéis, déanfar socrúithe ar leith a chomhaontú ar bhonn gach cás ar leith idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

Airteagal 7

Slándáil faisnéise rúnaicmithe a shárú, faisnéis rúnaicmithe a chailleadh nó díobháil a dhéanamh di

1. I gcás inar cailleadh faisnéis rúnaicmithe arna soláthar ag an gComhairle, nó go ndearnadh díobháil d'fhaisnéis rúnaicmithe den sórt sin, agus go bhfuil an méid sin cruthaithe nó go bhfuil amhras ina thaobh, cuirfidh Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa an méid sin in iúl láithreach d'Ard-Rúnaí na Comhairle. Déanfaidh Ard-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa imscrúdú a sheoladh agus cuirfidh sé in iúl d'Ard-Rúnaí na Comhairle cad iad na torthaí a bhí ar an imscrúdú agus cad iad na bearta a glacach ionas nach dtarlódh an méid arís. I gcás inar Feisire de Pharlaimint na hEorpa atá i gceist, gníomhóidh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa in éineacht le hArd-Rúnaí Pharlaimint na hEorpa.

2. Aon Fheisire de Pharlaimint na hEorpa atá freagrach as na forálacha a leagtar síos i rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa nó sa Chomhaontú seo a shárú, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé faoi réir beart agus pionós i gcomhréir le Riail 9(2) agus le Riail 152 go 154 de Riail Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.⁶

⁽⁶⁾ Anois Riail 11(2) agus Riail 165 go Riail 167.

3. Aon oifigeach de Pharlaimint na hEorpa nó aon fhostaí Parlaiminte eile atá ag obair do ghrúpa polaitiúil atá freagrach as sárú ar na forálacha a leagtar síos i rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa nó sa Chomhaontú seo, d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir na bpionós a leagtar amach i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, a leagtar síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEEG) Uimh. 259/68 ón gComhairle⁷.

4. Daoine atá freagrach as faisnéis rúnaicmithe a chailleadh nó as díobháil a dhéanamh di, d'fhéadfadh sé go mbeadh siad faoi réir gníomhaíochta araíonachta agus/nó dlíthiúla i gcomhréir leis na dlíthe, rialacha agus rialacháin is infheidhme.

Airteagal 8

Forálacha críochnaitheacha

1. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, gach ceann ar leith díobh ar a chonlán féin, na bearta go léir a ghlacadh is gá chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a áirithiú. Comhoibreoidh siad chuige sin, go háirithe trí chuirteanna a eagrú chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme ghnéithe slándála agus teicniúla an Chomhaontaithe seo.

2. Rachaidh seirbhísí ábhartha Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa agus Ardrúnaíocht na Comhairle i gcomhairle lena chéile sula ndéanfaidh ceachtar den dá institiúid a rialacha slándála féin a mhodhnú, chun a áirithiú go ndéanfar coibhéis na mbunphrionsabal agus na n-íoschaighdeán le haghaidh chosaint na faisnéise rúnaicmithe a chothabháil.

3. Déanfar faisnéis rúnaicmithe a sholáthar do Pharlaimint na hEorpa faoin gComhaontú seo a thúisce a bheidh sé suite ag an gComhairle, in éineacht le Parlaimint na hEorpa, go bhfuil coibhéis bainte amach idir na bunphrionsabail agus na híoschaighdeáin le haghaidh chosaint na faisnéise rúnaicmithe i rialacha slándála Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ar lámh amháin, agus idir an leibhéal cosanta a thugtar d'fhaisnéis rúnaicmithe in áitribh Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ar an lámh eile.

4. Féadfar an Comhaontú seo a athbhreithniú arna iarraidh sin ag ceachtar de na hinstiúidí i bhfianaise na taití a gheofar ina chur chun feidhme.

5. Tiofadh an Comhaontú seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Márta 2014

Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán



Thar ceann an Chomhairle
An tUachtarán



⁽⁷⁾ IOL 56, 4.3.1968, lch 1.